Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027





**Laois**

**Pictiúir Clúdaigh (C go D):**
Michael-David McKernan, Alf Harvey, Terry Byrne

# Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | **Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach** | 02 |
| 01 | **Éire Ildánach 2023–2027** | 04 |
| 02 | **Cultúr agus Cruthaitheacht i Laois** | 06 |
| 03 | **Fís Éire Ildánach do Laois** | 12 |
| 04 | **Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach** Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 13 |
| 05 | **Tosaíochtaí Straitéiseacha do Laois** | 14 |
| 06 | **Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae Laois** | 22 |
| | **Léarscáil de Laois** | 19 |

# Réamhrá

Mar Chathaoirleach agus mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Chontae Laoise, is cúis áthais dúinn fáilte a chur roimh fhoilsiú na Straitéise Cultúir & Cruthaitheachta don tréimhse 2023–2027, agus í a bheith á ailíniú le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae Laoise 2019–2024 agus le Plean Forbartha an Chontae 2021–2027. Tá an creat straitéiseach don Cultúr & don Chruthaitheacht bunaithe ar na beartais, na pleananna agus na tosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha cuí, agus orthu siúd a bhaineann leis na húdaráis áitiúla agus tacóidh sé lena gcur i bhfeidhm.

Tá sé mar aidhm ag Clár Éire Ildánach go mbeadh an chruthaitheacht ina gnáthchuid de shaol na tíre. Idir 2018 agus 2022 fuair Comhairle Chontae Laoise infheistíocht €837,220 ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le haghaidh tionscnaimh Laois Ildánach, agus chuaigh muid, dá réir sin, i dteagmháil le beagnach 400,000 duine ar fud an chontae, mar lucht féachana agus mar rannpháirtithe.

Beidh Comhairle Chontae Laoise i gceannas ar Chlár Éire Ildánach 2023–2027 agus páirteach ann ar mhaithe leis an gcruthaitheacht a úsáid mar straitéis don fholláine, don chomhtháthú sóisialta agus don fhorbairt gheilleagrach. Trínár bhFoireann Cultúir & Cruthaitheachta, ar a bhfuil ionadaithe le saineolas ar chúrsaí ealaíon, leabharlainne, oidhreachta agus pobail, táimid ag tnúth leis an gcruthaitheacht a leabú sa bheartas poiblí, ag an leibhéal áitiúil, agus tacaíocht a thabhairt don chomhoibriú agus don nuálaíocht tras-rannach.

I Laois is é ár gcultúr a thugann aitheantas dúinn mar dhaoine, agus tá sraitheanna den léiriú cruthaitheach, de ghníomhaíochtaí idirdhisciplíneacha agus den líonrú le fáil laistigh dár moil chruthaitheacha, lena n-áirítear Ionad Ealaíon Dhún Másc agus na cláir *An Chruthaitheacht i measc Daoine Scothaosta* a bhíonn ar siúl ann, chomh maith leis na deiseanna a chuireann *Tionscadail do Coimeádaithe agus do Scannánóirí Óga* ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga. Rinne Laois Arthouse ceiliúradh mar go raibh siad 10 mbliana ar an bhfód le taispeántas nua *In Trust. In Gratitude. In Hope.* Fuair siad spreagadh ó dhán a chum an file mór le rá, Pat Boran, agus ó shaothair ealaíne nua a rinne baill d'Aosdána bhfuil an-mheas orthu; Rita Duffy, Martin Gale, Cathy Carman agus Nick Miller, agus ealaíontóirí atá lonnaithe i Laois, Jen Donnery, Ray Murphy, Adrienne Symes, Kevin McCann, gan ach cúpla duine acu a lua. Díríonn Laois School of Music agus Music Generation Laoise ar Scoileanna DEIS sa chontae leis an tionscadal *Music-Rich Schools,* d'fhonn a chinntiú go mbíonn gach páiste in ann rochtain a fháil ar oideachas sa cheol taibhithe, chomh maith le teagasc ar ardchaighdeán gan an costas a bheith ina bhac.

Tá dlúthcheangal idir an cultúr agus a mbíonn ar fáil do thurasóirí, agus mealltar cuairteoirí le blaiseadh a fháil dár n-oidhreacht, ailtireacht, bithéagsúlacht, béaloideas, srl. Tá sainbhailiúcháin sa Chartlann Dhigiteach atá ag Seirbhís Leabharlainne Laoise a bhfuil baint acu leis an stair shóisialta, chultúir, pholaitíochta, eacnamaíochta agus nádúrtha an chontae. Is comhoibriú rathúil idir Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna iad na teilgin bheochana lasmuigh leis an ealaíontóir Caroline Conway a dhéanann ceiliúradh ar mhná Laoise — *Helen Roe* (leabharlannaí agus ársaitheoir as Éirinn, 1895–1988) ar bhalla an tSean-Dúin, Port Laoise agus *Anne Jellicoe* (Oideachasóir agus Leasaitheoir Sóisialta, 1823–1880) a bhí i bPobalscoil Mhóinteach Mílic le haghaidh Oíche Chultúir 2020 agus 2021 faoi seach. Cuireann an cultúr agus an chruthaitheacht freisin leis na deiseanna fostaíochta atá ar fáil do dhaoine cruthaitheacha atá ina gcónaí sa chontae cheana féin agus atá ag teacht chun cinn, chomh maith leis na toghthóirí agus na pobail nua atá tar éis bogadh go Laois.

Táimid ag súil go mór leis an gcéad 5 bliana eile den iniúchadh agus an chruthaitheacht á cur san áireamh mar chuid lárnach de na cláir oibre níos leithne a bhaineann le beartais i Laois agus ag an am céanna leas á bhaint as an gcruthaitheacht mar straitéis don fholláine, don chomhtháthú sóisialta, agus don fhorbairt gheilleagrach.

**Thomasina Connell**
Cathaoirleach, Comhairle Chontae Laoise

**John Mulholland**
Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chontae Laoise



'Superhuman' actor Aaron Edo on location at St Abbans Athletic Club, Monavea, Crettyard. Laois Short Film Bursary's winning film by writer and director Michéal Fleming and producer Michael-David McKernan. **Photograph:** Michael-David McKernan

# 1 Éire Ildánach
## 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn-cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. *Pobail Ildánacha*
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn *Pobail Ildánacha* leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá *Pobail Ildánacha* nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Lú agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



Performance of 'The Impossible Dream' by Martin Tourish and the Music Generation Laois Trad Orchestra as part of the Festival of Flight at St Peter's Church of Ireland Portlaoise. **Photograph:** Alf Harvey



*Cruinniú na nÓg* Drumming Circle with Kemi Addeyemi and Bolaji Adeyanju from the Laois Africa Support Group and local children as part of *Cruinniú na nÓg* in Rathdowney in partnership with Rathdowney Arts Group (RAG). **Photograph:** Terry Byrne

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i Laois

Is í an fhís atá ag Éire Ildánach ná go dtabharfaí deis do gach duine atá ina chónaí in Éirinn barr a chumais a bhaint amach go cruthaitheach. Roghnaíodh A Sense of Place mar théama uileghabhálach do Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chomhairle Chontae Laoise 2018–2022, agus é mar threoir ag sraith de théamaí straitéiseacha ar tugadh tosaíocht dóibh agus a thug léargas ar na cúig cholún a bhí i mbunchlár Éire Ildánach.

*"Le cúpla bliain anuas chuir Laois Ildánach ar mo chumas roinnt príomhthionscadal a chur i gcrích agus mianta a bhí agam ó thaobh na healaíne a bhaint amach. In 2018 tugadh cuireadh dom Gaeilge Tamagotchi a chur ar stáitse in ionad siopadóireachta Phort Laoise. Domsa, bhí sé ar cheann de na heispéiris ba spreagúla a bhain leis an amharclannaíocht dhátheangach, é ar fáil saor in aisce do shiopadóirí istigh i gceartlár ionad siopadóireachta gnóthach. Thug sé deis dom lucht féachana nua, neamhthraidisiúnta a shroicheadh nach raibh teacht agam orthu riamh roimhe sin in ionaid ealaíne, in amharclanna ná i ngailearaithe. Ba iad Laois Ildánach amháin a rinne coimisiúnú agus léiriú ar mo thionscadal Home Stories Direct Provision, trínar thug mé cuairt ar chónaitheoirí sna hIonaid Soláthair Dhírigh i Mainistir Laoise agus in Ioma agus scéalta faoi oidhreacht, faoi chultúr agus faoi theanga na hÉireann á roinnt agam, agus deis acusan freisin scéalta faoi oidhreacht agus faoi chultúr a dtíortha dúchais féin a roinnt. Rinneadh próifíliú ar an tsraith podchraoltaí Home Stories san Irish Times, craoladh í ar Midlands 103 i míreanna 5 nóiméad, agus tá sí ar fáil ar gach mór-ardán podchraolta"".*

Manchán Magan, scríbhneoir, craoltóir agus amharclannóir

Tá Laois Ildánach á stiúradh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta ar a bhfuil ionadaithe idir-ranna ó Chomhairle Chontae Laoise, ó na rannóga ealaíon, oidhreachta, leabharlainne, tithíochta, agus pobail, chomh maith le comhpháirtithe cultúir taobh amuigh de Chomhairle Chontae Laoise agus atá ina n-ionadaithe ag Music Generation Laoise, Ionad Ealaíon Dhún Másc agus Comhpháirtíocht Áitiúil na Cruthaitheachta san Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise Uíbh Fhailí.

*"Chruthaigh mé dhá mhúrmhaisiú i Laois mar chuid de Chlár Laois Ildánach. Tharraing an dá mhúrmhaisiú seo neart cainte. Baineann an múrmhaisiú 'Into the West' — go sonrach leis an suíomh i gCúil an tSúdaire agus é ag tabhairt ómós don scannán íocónach. Tugadh go leor de mhuintir na háite, a bhí ina n-aisteoirí breise agus an scannán á dhéanamh, síos bóithrín na smaointe i bPictiúrlann an Savoy agus tá áit speisialta aige i seanchas na háite agus i gcroíthe na ndaoine sa bhaile mór. Chomh maith leis sin deis a bhí ann an scannán draíochtúil seo, a thaitin chomh mór le daoine, a chur os comhair lucht féachana nua agus lucht féachana óg. Ba iad na daoine, an cultúr, an oidhreacht, na pobail nua agus tírdhreacha nádúrtha an cheantair máguaird a spreag múrmhaisiú Ráth Domhnaigh. Cé nach ionann an dá mhúrmhaisiú, d'éirigh leis an dá cheann acu mórtas a athnuachan sna pobail — agus an fhéiniúlacht á treisiú ag na healaíona, an cultúr, an oidhreacht agus an chruthaitheacht".*

Adam Warren (ADW), ealaíontóir.

Le 5 bliana anuas, tá na tionscnaimh de chuid Laois Ildánach fréamhaithe agus treisiú déanta ar thiomantas Chomhairle Chontae Laoise do ról na n-ealaíon, na hoidhreachta, an chultúir, agus an phobail. Idir 2018–2022, tharla athrú ó bhonn nuair a glacadh leis taobh istigh den údarás áitiúil go gcuidíonn timpeallacht a chuireann an comhoibriú, an nuálaíocht agus an chruthaitheacht chun cinn, le folláine an phobail, leis an gcomhtháthú sóisialta, agus leis an bhforbairt gheilleagrach.

Ina theannta sin, bhí an Fhoireann Cultúir & Cruthaitheachta thar a bheith tábhachtach do Choiste Teacht Aniar Laoise mar a bhain le tionscadail a cheapadh, a fhorbairt agus a sheachadadh chun freastal ar riachtanais *Teacht Aniar agus an Téarnamh 2020–2021: Plean chun maireachtáil le COVID-19, agus an Feachtas de chuid Éire Shláintiúil, Go dTé Tú Slán.*

*"Cuireadh fáilte roimh an ról a bhí ag Laois Ildánach ó thaobh Sparánacht Ghearrscannán Laoise a thionscnamh laistigh de cholún na gComhphobal Ildánach (2018–2022) agus é ina thacaíocht phraiticiúil d'fhorbairt na scannánaíochta i Laois. Agus iad dá bhliain i mbun oibre tá réimse leathan scileanna ag teacht chun cinn - scileanna scríbhneoireachta, stiúrtha, léirithe agus sainscileanna eile a bhaineann le scannáin a léiriú. Má leantar ar aghaidh leis an sparánacht seo agus le tionscnaimh eile don scáileán agus do na meáin leagfar síos bunchloch ar a bhféadfar cleachtas na scannánaíochta agus cultúr na scannánaíochta i Laois a fhás sna blianta atá amach romhainn. Tá sé le feiceáil i gcontaetha agus i gcathracha eile má dhéantar infheistíocht i gcultúr na scannánaíochta a fhorbairt go dtagann buntáiste eacnamaíochta ón infheistíocht sin, ó thaobh fostaíochta, turasóireachta agus seirbhísí de".*

Arthur Lappin, Léiritheoir Scannán agus Stáitse/ Comhairleoir Cultúir.

Le linn shaolré ár gclár 2018–2022, fuaireamar infheistíocht €837,220 ó Chlár Éire Ildánach agus bhíomar i dteagmháil go díreach le beagnach 400,000 rannpháirtí agus lucht féachana. Bhain thart ar €98,000 den infheistíocht sin le leanaí agus le daoine óga, agus mar chuid dár gclár bliantúil *Cruinniú na nÓg* bhíomar ag plé go díreach le 11,000 rannpháirtí i measc leanaí, daoine óga agus lucht féachana.

*"Is í an ealaín an rud is fearr liom. Is breá liom í. Is fearr liom a bheith ag péinteáil ná ag dathú. Is maith liom a bheith ag gearradh agus ag greamú isteach. Tá mé an-mhaith aige sin"".*

Siondróm Down Lár Tíre (rannpháirtí).

*"Bhí sceitimíní orainn go raibh Grúpa Ealaíon Ráth Domhnaigh mar chuid de Chruinniú na nÓg. Deis iontach atá anseo do pháistí agus do dhaoine óga sa cheantar ceiliúradh a dhéanamh ar a gcruthaitheacht agus deiseanna nua tugtha dóibh le bheith ag déanamh, a fáil taithí agus ag cruthú, chomh maith le deiseanna a thabhairt d'ealaíontóirí áitiúla an saibhreas dochreidte ó thaobh tallainne agus cruthaitheachta de atá laistigh dár bpobal a éascú agus a thaispeáint".*

Clodagh Kennedy, duine de bhunaitheoirí Ghrúpa Ealaíon Ráth Domhnaigh (RAG).

Tacaíonn Straitéis Chultúir & Chruthaitheachta Laoise 2023–2027 de réir Chlár Éire Ildánach agus ag teacht leis an straitéis a bhí againn roimhe seo, le cur chun cinn na dtrí phríomhuaillmhian a bhaineann leis an tionscnamh náisiúnta *Comhphobail Ildánacha;*

1. Tacú leis an gcomhoibriú agus deireadh a chur leis an smaointeoireacht neamhchomhtháite, ionas go bhféadfaidh ranna na n-údarás áitiúil oibriú le chéile agus a bheith nuálach;
2. An chruthaitheacht a leabú sa bheartas poiblí ag an leibhéal áitiúil; agus
3. Úsáid a bhaint as an gcruthaitheacht mar straitéis don fholláine, don chomhtháthú sóisialta agus don fhorbairt gheilleagrach.

Tá ár bhFoireann Cultúir & Cruthaitheachta spreagtha chun gnímh agus í mar phríomhphointe tosaigh maidir leis an gcomhoibriú sin. Tá ár dtosaíochtaí straitéiseacha 2023–2027 ailínithe le agus cruthaithe laistigh de chomhthéacs Phlean Corparáideach Chomhairle Chontae Laoise 2019–2024, agus iad á gcur ar an eolas ag doiciméid réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta ar bheartais, amhail an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. .

*"Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh úsáid á baint as gach áis atá ar fáil chun gníomhartha dearfacha ar son na haeráide a chur chun cinn agus tacú leo laistigh dár bpobail. Tríd an gCultúr agus an gCruthaitheacht, is féidir le Laois leas a bhaint as peirspictíochtaí a thugann spreagadh agus iad a úsáid chun daoine a mhealladh agus a spreagadh le gníomhú ar son na haeráide, aird a tharraingt ar*



Abbeyleix Climate Action Project, winner of the Sustainable Communities category in the Chambers Ireland Excellence in Local Government Awards 2021.
**Photograph:** Alf Harvey

*go bhfuil Port Laoise ainmnithe ar an gcéad bhaile ísealcharbóin in Éirinn agus spreagadh a thabhairt don chineál athrú ar iompraíocht a theastaíonn chun ár sprioc aeráide a bhaint amach".*

Breda Maher, CARO an Oirthir agus Lár Tíre.

Leag an Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) 2020–2032, creat amach le haghaidh Plean Forbartha Chontae Laoise 2021-2027. Díríonn RSO 5, Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, go sonrach ar Áiteanna Cruthaitheacha a fhorbairt agus tá an uaillmhian seo luaite ann *'ár n-áiseanna ealaíon, cultúir agus oidhreachta a fheabhsú, a chomhtháthú agus a chosaint chun áiteanna cruthaitheacha a chur chun cinn agus an athghiniúint faoi stiúir na hoidhreachta a chothú.'*

Eagraíodh The Festival of Flight faoi stiúir Choiste Cuimhneacháin Col Fitzmaurice i gcomhpháirtíocht le hOifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise, Laois Ildánach, Cumann Oidhreachta Laoise, Music Generation Laoise, Ionad Ealaíon Dhún Másc, Eolaíocht Lár Tíre, agus an Chomhairle Oidhreachta. Bhí lear mór gníomhaíochtaí ar bun mar chuid den fhéile ildisciplíneach seo lena n-áirítear:

— Bhí Eitleán Phort Laoise, an déantán 100 bliain d'aois a tógadh i bPort Laoise agus a bhí ar cheann de na chéad eitleáin a d'eitil in Éirinn, ar thaispeántas poiblí.

— Bhí léiriú beo ann de 'The Impossible Dream', an tsraith cheoil a chum Martin Tourish agus na ceoltóirí óga de chuid Cheolfhoireann Thraidisiúnta Music Generation Laoise mar cheiliúradh ar shaol agus ar éachtaí an Eitleora as Port Laoise, James Fitzmaurice.

— Rinne an clár do na scoileanna agus do na teaghlaigh iniúchadh ar gach gné den eitilt, idir eolaíocht na sárlaochra agus bitheolaíocht na heitilte sa domhan nádúrtha, agus saol na samhlaíochta agus na cruthaitheachta.

*"Tá gníomhaíochtaí cruthaitheacha lárnach ó thaobh daoine dea-oilte a fhorbairt toisc go gcuireann siad an t-oideachas chun cinn lasmuigh den seomra ranga. Trí fhreastal ar an Festival of Flight fuair ár bhfoghlaimeoirí anseo in Ógtheagmháil Phort Laoise tuiscint ar an stair a bhaineann lena gceantar áitiúil. Chabhraigh sé leo meas a bheith acu ar chultúr eolaíochta agus innealtóireachta Laoise agus mheall sé iad le tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an oidhreacht ina gceantar féin".*

Anne Malone, Comhordaitheoir Ógtheagmháil Phort Laoise.

Tagann ár Straitéis Chultúir & Chruthaitheachta 2023–2027 le 3 cinn de na 7 gcuspóir atá sa Phlean Corparáideach:

1. Saol sóisialta, cultúir agus eacnamaíochta mhuintir Laoise a fheabhsú;
2. Tionscnaimh chomhshaoil agus cleachtais inbhuanaithe chomhshaoil a chothú agus a chur chun cinn sa chontae/sa réigiún; agus
3. Pobail atá cuimsitheach go sóisialta a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

*"Tá Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) ina cheannródaí ó bunaíodh é i 1991 ó thaobh cláir a fhorbairt do dhaoine scothaosta i músaeim agus i ngailearaithe na hÉireann. D'fháiltigh IMMA roimh an deis a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon Chomhairle Chontae Laoise chun a chinntiú go gcuirfí an lucht féachana scothaosta san áireamh sna cláir go léir atá acu ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta. Trí bheith ag obair i gcomhpháirtíocht, bhíomar in ann imeachtaí fiúntacha cultúir a chur ar fáil do dhaoine scothaosta a bhí ina gcónaí i Laois; idir an dream atá sláintiúil, neamhspleách agus folláin, agus na daoine scothaosta atá faoi mhíchumas, chomh maith leo siúd, agus an líon ag méadú i gcónaí, a bhfuil néaltrú orthu nó a thugann aire do dhuine a bhfuil néaltrú air/uirthi. Thug an clár daoine nua isteach i mBailiúcháin Chontae IMMA agus Laoise ar mhaithe le go mbeadh comhrá spreagúil i measc na rannpháirtithe faoin Ealaín Chomhaimseartha".*

Annie Fletcher, Stiúrthóir, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann.

Tá an Fhoireann Cultúir & Cruthaitheachta in ann comhoibriú le cuspóirí straitéiseacha idirdhisciplíneacha agus trasdisciplíneacha na dtras-údarás áitiúil agus tacú leo laistigh de chomhthéacs na seirbhísí Ealaíon, Oidhreachta agus Leabharlainne, Laois Shláintiúil, Aoisbhá Laoise, Gníomhú ar son na hAeráide, Forbairt Ghnó, An Oifig Fiontair Áitiúil, An Líonra Rannpháirtíochta Áitiúil, Comhpháirtíocht Laoise, Turasóireacht Laoise, etc., agus aon chomhoibriú tras-údaráis áitiúil a thiocfadh ina dhiaidh sin le linn shaolré na straitéise seo.

*"Ba mhór an pléisiúr dom a bheith ag obair le Bailte Slachtmhara Mhainistir Laoise agus leis an bpobal áitiúil d'fhonn feasacht faoin athrú aeráide a fheabhsú. Mar gheall ar Thionscadal Gníomhaithe ar son na hAeráide i Mainistir Laoise bunaíodh siúlóid nua um Ghníomhú ar son na hAeráide do Mhainistir Laoise agus ba é seo an tionscadal deiridh de mo chuid féin agus mé ag feidhmiú mar chumarsáidí eolaíochta cónaithe i gcomhpháirtíocht le hOifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise, Eolaíocht Lár Tíre agus Bailte Slachtmhara Mhainistir Laoise. Ba é an tionscadal seo a bhuaigh Gradam Chumann Tráchtála na hÉireann maidir le Sármhaitheas i bPobail Inbhuanaithe na Rialtas Áitiúil 2021.*

*Tá neart fianaise ann go bhfuil baint idir an fholláine phearsanta agus folláine an chomhshaoil agus spreagann an tionscadal seo daoine le taitneamh a bhaint as siúlóid shuaimhneach i mBaile Oidhreachta Mhainistir Laoise agus a bheith ag gníomhú ar son na haeráide ag an am céanna. Gné thábhachtach den tionscadal seo ab ea an aird a tugadh ar an tábhacht a bhaineann le sonraí bailí eolaíochta a bheith ann mar thacaíocht don pholasaí, agus an pobal a bheith gafa leis an eolaíocht. Tríd an tsraith ar líne 'Fast Facts', 'Almanac Mhainistir Laoise' agus gnéithe*

*for-rochtana eile, bhíomar in ann iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí an eolaíocht a logánú agus í a thabhairt isteach i ndáiríre sa phobal. Teastaíonn athruithe móra sa tsochaí chun go n-éireoidh leis an ngníomhú ar son na haeráide, agus ní tharlóidh sé seo gan rannpháirtíocht na saoránach a bheith i gcroílár na n-athruithe ar an mbeartas poiblí, agus ba tríd an gcruthaitheacht agus an chumarsáid a fuaireamar bealach isteach i Mainistir Laoise ".*

An Dr Niamh Shaw, Cumarsáidí Eolaíochta.

Táimid ailínithe leis an bhfís atá i bPlean Forbartha Chontae Laoise 2021–2027 agus i bPlean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil (LECP) 2016–2021 *"a chinntiú go mbíonn rochtain ag gach saoránach ar eilimintí (....ealaíona, cultúr, oidhreacht..) a chabhraíonn le caighdeán saoil níos fearr a chruthú".*

Tugann ár n-ailíniú le Straitéis Turasóireachta Laoise 2019–2023 léargas ar an tábhacht a bhaineann le leas a bhaint as saibhreas na hoidhreachta agus an seanchas atá i Laois trí Thionscadal Eispéireas Bailte Laoise, agus trí eispéiris ar ardchaighdeán, a mhairfidh i gcuimhne na gcuairteoirí, a chur ar fáil i bPort Laoise agus Port Laoise ina Bhaile Ceann Scríbe sa chontae d'Oirthear Ársa Fáilte Ireland.

*"Sa chur chuige atá ag Laois Ildánach ina straitéis nua fhéachtar ar an bpictiúr níos leithne laistigh den chontae, déantar iarracht luach a chur ar fáil do phobal an chontae le poitéinseal na gclár uaillmhianach i réimsí éagsúla, lena n-áirítear na teicneolaíochtaí digiteacha, réaltacht bhreisithe, ailtireacht, dearadh, eolaíocht, talmhaíocht, innealtóireacht, pleanáil uirbeach agus folláine, agus leagtar béim ar leith ar rannpháirtíocht an phobail a fhorbairt, tríd an gcleachtas a bheith ag plé go sóisialta le pobail spéise ar leith sa chontae. Ní hamháin gur féidir leis an tuiscint ar an luach cultúir tráth a mbíonn beartais á dtabhairt isteach cur leis an gcáil atá ar earnáil chultúir agus chruthaitheachta Laoise, rud atá an-tábhachtach, ach tá sé in ann cur leis an mbeocht agus leis an bhfolláine, na deiseanna eacnamaíochta a fheabhsú, agus cumas agus comhtháthú sóisialta a bhunú i measc an phobail i Laois".*

Ann Mulrooney, Comhairleoir Cultúir agus POF agus Stiúrthóir Ealaíne ar an AMHARC-Ionad don ealaín chomhaimseartha i gCeatharlach (2013–2018).

De réir Dhaonáireamh 2022, tá 91,657 duine ina gcónaí i Laois, fás 8.2% ó 2016, 14% ó 2011 agus méadú 56% ó dhaonáireamh na bliana 2002. Tugtar le fios i *gComhpháirtíocht Laoise - Straitéis Imeasctha Laoise 2019–2023* go bhfuil daonra eitneach, atá éagsúil ó thaobh cultúir agus reiligiúin de, i Laois. Bunaithe ar dhaonáireamh na bliana 2016, tá níos mó ná 8,000 duine ina gcónaí anseo atá ionadaíoch ar suas le 100 náisiúntacht, rud a chuimsíonn 10% den daonra iomlán agus tá 57 teanga ar a laghad á labhairt ann. Is é 10,003 an fás réamh-mheasta ar an daonra iomlán do Chontae Laoise don tréimhse 2016–2027 (suas ó 84,697 go dtí 94,700), (Plean Forbartha Chontae Laoise 2021–2027).

*"Deis iontach ab ea Laois Le Chéile – leis an gceol agus an t-imeascadh a thabhairt go croílár Phort Laoise, i gcomhpháirtíocht le Music Generation Laoise, Cuideachta Comhpháirtíochta Laoise agus Laois Ildánach. Bhí an-áthas orainn a bheith páirteach i gCruinniú na nÓg - lá a bhíonn dírithe ar chruthaitheacht agus ar thallann na ndaoine óga i Laois, agus saibhreas bríomhar na bpobal nua Laoise, na ndaoine óga agus a dteaghlaigh mar bhonn agus mar thaca.*

*Tá Port Laoise ar cheann de na bailte is dearfaí agus is éagsúla ó thaobh an chultúir de in Éirinn agus ní Éireannaigh iad duine as gach cúigear atá ina gcónaí i bPort Laoise. Tá Líonra Imeasctha Phort Laoise bródúil as a bheith mar chuid den timpeallacht chultúir fhuinniúil seo, agus deiseanna ann a bheith i mbun caidrimh le daoine eile — chun droichid a chruthú a chuirfidh muinín, meas, agus tuiscint chun cinn sna cultúir ar fad"".*

Karen McHugh, Cathaoirleach,
Líonra Imeasctha Laoise (LIN)



Launch of Mountmellick's street mural celebrating Ireland's Swift (Apus apus) by artist James Kirwan, in partnership with BirdWatch Ireland. Mountmellick is a stronghold within County Laois for these charismatic and threatened birds. **Photograph:** Alf Harvey

# 3 Fís Éire Ildánach do Laois

Bainfidh Laois úsáid as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht - go nuálach agus go comhoibríoch agus bainfidh sí leas as an gcumhacht a bhaineann leis na sócmhainní seo ar mhaithe le comhtháthú sóisialta agus le folláine na sochaí, agus chun an chruthaitheacht atá bunaithe ar an gcultúr a fhréamhú sa bhforbairt gheilleagrach.

Tá sé mar fhís againn go mbeadh, faoi dheireadh 2027, trí fheidhm na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta – agus ag tógáil ar acmhainneacht na láidreachtaí atá ann cheana féin ar fud na seirbhísí ealaíon, cultúir, oidhreachta agus leabharlainne, an 'comhoibriú' leabaithe, istigh sa phleanáil agus sa chur i bhfeidhm i gcás na sé cinn de thosaíochtaí straitéiseacha atá ag Laois Ildánach, mar thionscnaimh neamhspleácha nó mar thionscnaimh a dhéanann iniúchadh ar níos mó ná tosaíocht amháin agus a freagraíonn dóibh.

Ní díreach ar mhaithe le léargais agus ailíniú nua a thabhairt isteach i dtaca le beartais agus pleananna na n-údarás áitiúil atá an comhoibriú tras-rannach curtha san áireamh, ach toisc gur bealach é freisin lena chinntiú go mbeidh rannóga eile laistigh den údarás áitiúil in ann leas a bhaint as an taithí agus as na léargais atá faighte ag Laois Ildánach. Táimid uaillmhianach ó thaobh go mbainfidh ár dtionscnaimh chruthaitheacha barr feabhais amach i réimsí na comhbhá agus na taiscéalaíochta, agus mar a bhaineann leis an díospóireacht chriticiúil. D'fhéadfadh modhanna den chineál sin teacht ar léargais agus ar eolas áitiúil a bheadh luachmhar agus bheadh ábalta crann taca, slat tomhais nó gné speisialta thábhachtach a chur ar fáil do phróisis agus do chláir na n-údarás áitiúil i gcoitinne. Táimid ag iarraidh go mbeadh eispéireas branda níos saibhre ag Comhairle Chontae Laoise — ómós áite, go háirithe i gcás na gcónaitheoirí is nuaí agus iad siúd nach as an gcontae ó thús iad agus atá ag obair lasmuigh den chontae.

Tá sé mar chuspóir againn creat a bhunú a chuimsíonn próiseas atriallaigh, ina mbeidh an tréimhse pleanála agus seachadta níos faide. Tá rún againn an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú níos fearr laistigh den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023–2029 agus freisin i gclár LEADER 2023–2027, ionas go bhféadfar cabhrú ar bhealach comhtháite leis na cuspóirí sin a bhaineann leis an bhfolláine, an comhtháthú sóisialta agus an fhorbairt gheilleagrach. Aimseoimid spriocghrúpaí/spriocphobail (pobail spéise nó pobail áite) ó thaobh a gcuid riachtanas, a n-uaillmhianta nó a bhfiosracht maidir leis an gcultúr agus leis an gcruthaitheacht. Ón bpointe tosaigh sin, is féidir an saineolas cultúir agus cruthaitheachta a chomhtháthú chun cabhrú le tionscnamh a fhorbairt a chomhlíonann na sé thosaíocht atá againn, a bhfuil cuspóirí straitéiseacha an údaráis áitiúil mar bhonn agus mar thaca acu ó thaobh Comhfhorbairt Áite, Comhtháthú, Sláinte agus Folláine, Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht.

Le linn shaolré ár Straitéise Cultúir & Cruthaitheachta 2023–2027, tá sé mar aidhm againn díriú ar na bealaí rannpháirtíochta agus tógáil orthu ionas go mbeimid i gcroílár na comhfhorbartha agus na comhthacaíochta maidir le hinbhuanaitheacht na bpobal cruthaitheach. Ba mhaith linn a chinntiú thar aon rud eile go mbeidh páistí agus daoine óga ag comhchruthú agus ag comhléiriú a gclár féin. Cuirfimid an aidhm seo chun cinn agus úsáid á baint as uirlisí pleanála ó Hub na nÓg, chomh maith le foireann uirlisí atá ag Comhpháirtíocht Áitiúil na Cruthaitheachta san Óige, BOO Laoise Uíbh Fháilí atá dírithe go sonrach ar dhaoine óga idir 10-24 bliana d'aois, a mheastar a bheith i mbaol nó a bheith leochaileach nó nach gcloistear uathu go minic.

Is í an fhís atá againn go dtí 2027 ná go mbeidh an cultúr agus an chruthaitheacht leabaithe tuilleadh laistigh de na beartais phoiblí ag an leibhéal áitiúil agus sna tosaíochtaí, beartais agus pleananna níos leithne atá ag na húdaráis áitiúla, amhail an gníomhú ar son na haeráide, an fhiontraíocht, an turasóireacht, an óige, an fhorbairt uirbeach, tuaithe agus pobail, agus sláinte agus folláine an phobail; ionas go bhféadfaidh athrú teacht ar an gcaoi a gcuirtear luach ar an gcruthaitheacht laistigh dár n-údarás áitiúil agus sna pobail, ar mhaithe le tacaíocht straitéiseach a thabhairt i dtaca leis na fadhbanna sochaíocha níos leithne atá i Laois.



# 4 Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach

## Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

— **Beartas** — Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;

— **Cleachtadh** — Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh *Pobail Ildánacha* de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.

— **Rannpháirtíocht** — Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus

— **Comhpháirtíocht** — Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ros Comáin agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil–idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírithe i gcomhar a chothú.

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Laois

**Tosaíocht 1:**
**Comhfhorbairt Áite Chruthaitheachta**

Próiseas is ea an Chomhfhorbairt Áite Chruthaitheach a thugann daoine cruthaitheacha, baill den phobal, eagraíochtaí ealaíon agus cultúir, forbróirí pobail agus páirtithe leasmhara eile le chéile i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht, agus straitéisí na cruthaitheacha agus an chultúir in úsáid chun athrú faoi stiúir an phobail a chur i bhfeidhm.

Agus 'cur chuige bunaithe ar áit' in úsáid is féidir linn oibriú ar bhealaí éagsúla i gCeantair Bardasacha Laoise d'fhonn uaillmhianta na bpobal a chur i gcrích agus tacú leis *an gcur chuige bunaithe ar áit i dtaca leis an bhforbairt tuaithe* atá luaite i mBeartas Forbartha Tuaithe 2021–2025 agus ailíniú le Straitéis Spásúil agus Eacnamaíochta Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (RSES) 2019–2031 agus le Plean Forbartha Eacnamaíochta Áitiúil (LECP) 2016–2021.

As seo go ceann 5 bliana, beimid ag díriú ar thuairiscí idirdhisciplíneacha ar an gcruthaitheacht agus ar an gcultúr a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun torthaí ó thaobh folláine agus comtháthú sóisialta, chomh maith le torthaí geilleagracha a bhaint amach dár bpobail, agus freagra réamhghníomhach a thabhairt ar:

— Sprioc LECP 2: Geilleagar Inbhuanaithe a Éagsúlú agus a Neartú i Laois — Tacú le margaíocht a dhéanamh ar Laois mar Cheann Scríbe do Chuairteoirí & feabhas a chur ar Eispéireas na gCuairteoirí.

— Sprioc LECP 7: Féiniúlacht Láidir a Chothú sa Chontae mar aon le Caighdeán Saoil den scoth — Úsáid a bhaint as imeachtaí agus tionscnaimh Oidhreachta, Ealaíon agus Leabharlainne chun féiniúlacht Laoise a iniúchadh.

— Sprioc LECP 10: Lár ár mBailte agus ár Sráidbhailte a fheabhsú agus a chothú agus iad a bheith ina lárionaid don cheantar tuaithe máguaird.

Ós rud é gur réimse cleachtais atá ag teacht chun cinn atá sa Chomhfhorbairt Áite Chruthaitheach tá sé beartaithe againn le linn shaolré na straitéise seo a bheith ag plé le comhghleacaithe agus le deiseanna sna hearnála pobail agus sna hearnála poiblí.

**Cuspóir:**
Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cur leis an gcomhfhorbairt áite go háitiúil agus luach an chultúir agus na cruthaitheachta a leabú i gcláir oibre forbartha (cláir oibre an údaráis áitiúil nó cláir oibre forbartha eile) d'fhonn ár mbailte agus ár sráidbhailte a athbheochan agus cabhrú leis an seachadadh i dtaca le:

1. Tús Áite do Lár an Bhaile;
2. Comhfhorbairt Áite Shláintiúil; agus
3. Pleanáil maidir le hEispéireas do Chuairteoirí.

**Príomhspriocanna:**

— Saineolaithe ar Chomhfhorbairt Áite Chruthaitheachta a fhostú d'fhonn díospóireacht a spreagadh agus tacaíocht a fháil chun taighde a dhéanamh ar roinnt tionscnaimh agus pleananna forfheidhmithe tábhachtacha agus iad dearadh go comhoibríoch idir 2023 agus 2027.

— Ceangal a chothú idir na daoine agus an áit trí úsáid a bhaint as an gcomhoibriú agus as an gcomhpháirtíocht agus an cheannaireacht a roinnt, ag baint úsáid as straitéisí an chultúir agus na cruthaitheachta sna seirbhísí ealaíon, cultúir, oidhreachta, agus leabharlainne.

— Deiseanna comh-mhaoinithe a aithint ar fud an údaráis áitiúil lena n-áirítear; *Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte* na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail; An scéim Percent for Art atá ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; Turasóireacht Laoise; An Scéim *Áiteanna Ildánacha agus Cuireadh chun Comhoibriú* de chuid Chomhairle Ealaíon na hÉireann; Maoiniú Eorpach, etc.

Tá an creat a bhaineann leis an gcomhfhorbairt áite chruthaitheach ar lár bhaile Phortlaoise ag teacht ina chéile leis an tSeirbhís nua ionchuimsitheach cultúir, oideachais, agus áineasa Leabharlainne i gcomhar




Senior infants from Scoil Phadraig Naofa B.N.S. with Laois County Council Cathaoirleach Catherine Fitzgerald, author Jennifer Farley and Mountmellick librarian Edel Heffernan with Jennifer's 'Scout's Best Day Ever' at Mountmellick Playground for the launch of the Laois County Library Service 'Storystroll'. **Photograph:** Alf Harvey.

leis na soláthraithe cruthaitheachta agus cultúir atá in aice láimhe, Ionad Ealaíon Dhun Másc agus Ionad Ceoil Laoise laistigh den cheathrú cultúir atá ainmnithe i lár an bhaile, agus deis ag Laois Ildánach cabhrú le Port Laoise a chur chun cinn mar Bhaile Ceann Scríbe de chuid Fáilte Ireland.

Déanfaimid forbairt ar chur chuige faoi stiúir na hoidhreachta ionas go mbeidh tuiscint níos fearr ag an bpobal ar chláir oibre a bhaineann leis an oidhreachta thógtha, an oidhreacht nádúrtha agus an oidhreacht chultúir, dála na gcoimisiún ceoil de chuid Music Generation a bhí bunaithe ar áit agus ar dhaoine, agus go mbeidh siad gafa leo. Bainfimid úsáid as modhanna nuálacha ildisciplíneacha maidir leis an bhforbairt áite agus as nithe gearrshaolacha poiblí agus as tionscadail nach ndéanfaidh aon dochar don timpeallacht, chomh maith leis na meáin nua mar bhealach chun teacht ar an gcultúr áitiúil agus é a chaomhnú do na glúnta atá le teacht. Chomh maith leis sin áiteanna a dheighilt /a idirdhealú ar mhaithe le comhtháthú sóisialta, folláine agus deiseanna eacnamaíochta a threisiú agus a mhéadú.

**Tosaíocht 2:**
**Na Meáin Chruthaitheacha agus STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona, Mata)**

Díreoidh Laois Ildánach sna 5 bliana atá amach romhainn ar chreat a chruthú ina mbeidh na meáin agus STEAM á bhforbairt nó go mbeidh siad ar ardchaighdeán ar fud Laoise.

Déanfaimid na meáin chruthaitheacha agus STEAM a leabú i gcuibhreannas comhpháirtíochta le príomhpháirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta, lena n-áirítear daoine cruthaitheacha sna healaíona, san oidhreacht agus sa tseirbhís leabharlainne, Comhpháirtíocht Áitiúil na Cruthaitheachta san Óige, Bhord Oiliúna agus Oideachais Laoise Uíbh Fháilí (LO ETB LCYP), an déantóir spáis Makeport, Eolaíocht Lár Tíre, na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna,

Obair d'Ógra Éireann i Laois, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, CREATE, Comhairle Taighde na hÉireann, Líonra Meán Cumarsáide Laoise agus Fís Éireann.

Déanfar staidéar ar Laois trí réimse d'eispéiris amhairc agus chéadfacha as na meáin atá ag teacht chun cinn, trí léirithe ar scáileáin, agus trí chartlanna digiteacha, agus déanfaimid na hEalaíona a chomhdhlúthú isteach i STEAM ionas go bhféadfar an cumas cruthaitheach a aimsiú sna glúnta ar fad, agus ardán láidir a chur ar fáil chun dul i ngleic leis an Eolaíocht, leis an Teicneolaíocht, leis an Innealtóireacht agus leis an Matamaitic.

Tá fráma ama ar leith againn laistigh den straitéis seo chun roinnt tionscnaimh nuálacha sna meáin agus i STEAM a bhaineann le comhfhorbairt áite a chur chun cinn, le go bhféadfar torthaí a bhaineann leis an bhfolláine, an comhtháthú sóisialta agus fhorbairt gheilleagrach a neartú taobh istigh dár bpobail.
Tá ár straitéis ailínithe le gníomhartha atá sa Phlean Fiontraíochta Réigiúnach Lár Tíre 2022–2024 maidir le *Speisialtóireacht/Digitiú Cliste;* le RSES an Oirthir agus Lár Tíre 2019–2031 ina bhfuil moltaí maidir le *feabhas a chur ar scileanna agus a chinntiú gur féidir athrú ar bhealach cóir i dreo na húsáide a bhainfear sa todhchaí as tailte portaigh Bhord na Móna, agus teacht i dtír ar dheiseanna a bhaineann leis an bhfuinneamh glan agus leis an ngeilleagar glas;* agus LECP Sprioc 8: Cur Chuige Comhtháite agus Iomlánaíoch a Chruthú maidir le hOideachas, Oiliúint agus Fostaíocht — Riachtanais atá ann cheana féin ó thaobh scileanna de agus riachtanais atá ag teacht chun cinn a aithint agus foinsí a aimsiú a chuirfidh an oiliúint chreidiúnaithe ábhartha ar fáil.

### Cuspóir:
Creat a chruthú chun deiseanna dearaidh, cruthaitheachta agus nuálaíochta a chothú leis an bhforbairt ar earnáil scáileán Laoise, leis na meáin atá ag teacht chun cinn agus le réitigh foghlama STEAM agus réitigh a bhaineann leis an gcomhfhorbairt áite.

### Príomhspriocanna:
— Dul i dteagmháil le saineolaithe cruthaitheacha an cheantair, le hearnáil na scáileán go réigiúnach agus go náisiúnta agus le gairmithe STEAM i gcomhar le daoine cruthaitheacha, comhpháirtithe straitéiseacha pobail agus páirtithe leasmhara chun tacú leis an dearadh ar roinnt príomhthionscnamh agus pleananna forfheidhmithe ó 2023 go 2027.

— Féachaint le teacht ar bhealaí cruthaitheacha chun déileáil leis na déantáin agus leis an ábhar atá i gCartlann Dhigiteach Laoise, chomh maith le Bailiúchán Ealaíne Chontae Laoise.

— Teacht ar chreataí don chomhoibriú agus don chomhmhaoiniú i dtaca le deiseanna atá aitheanta lena n-áirítear Forbairt Gnó Laoise, Aoisbhá Laoise, Laois Shláintiúil, Turasóireacht Laoise, Comhpháirtíocht Áitiúil na Cruthaitheachta san Óige atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise Uíbh Fháilí, Clár Éire Ildánach, Comhairle Ealaíon na hÉireann, An Chomhairle Oidhreachta, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Maoiniú Eorpach, etc.

Déanfaidh Seirbhís Leabharlainne Laoise dea-chleachtas agus inbhuanaitheacht a leabú ina chlár STEAM don bhunscoil agus don iar-bhunscoil, don óige agus do dhaoine i dtoghcheantair eile i gcomhar le hEolaíocht Lár Tíre agus an déantóir spáis MakePort ar mhaithe le smaointeoireacht chruthaitheach, atá in ann fadhbanna ón bhfíorshaol a aithint agus a réiteach, a spreagadh.

Níl aon teorainn leis an méid tionscadail chomhoibríocha a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail sócmhainní don Réaltacht Mhéadaithe agus don Réaltacht Fhíorúil a fhorbairt chomh maith le hinsintí, eispéiris do chuairteoirí, agus turais fhíorúla a chruthú do gach aois agus do gach cumas, agus do na pobail áite agus spéise.

Féachfaimid le leanúint ar aghaidh ag tacú le hearnáil na scáileán i Laois le staidéar a dhéanamh ar insintí a léiríonn gnéithe d'eispéiris Laoise agus d'eispéiris na hÉireann mar a bhaineann leis na glúnta, na hinscní, na heitneachtaí, na haicmí agus na cultúir éagsúla, chomh maith leis an oidhreacht agus an tírdhreach. Rachaimid i dteagmháil le hoifigí scannán/le coimisiúin scannán atá in aice láimhe chun deiseanna comhoibrithe a phlé leo, ionas gur féidir cur leis na hacmhainní atá ann do scannánóirí, beochantóirí, agus gairmithe scáileáin atá ag teacht chun cinn sa cheantar lár tíre.

## Tosaíocht 3:
## Imeascadh Cruthaitheach & Cultúir
Chun go mothóidh daoine aontaithe laistigh de Laois agus de phobail an chontae, feictear dúinn gur próiseas dinimiciúil atá san imeascadh a d'fhéadfadh rannpháirtíocht éifeachtach a éascú agus an mothú a bhaineann le muintearais chomhroinnte a chothú.

Tá sé de bhuntáiste ag an imeascadh i Laois go dtugann sé deis *dár saoránaigh go léir meas a léiriú ar a chéile agus ar chultúir a chéile.*

Is é an dearcadh atá á léiriú sa cháipéis seo ná gur bealach amháin é "An Cultúr & An Chruthaitheacht" a chabhróidh leis an imeascadh ar fud ár bpobail. Tá sé curtha romhainn againn an chruthaitheacht a úsáid chun cabhrú leis an imeascadh sna pobail féiniúlachta ar thaobh amháin agus sna pobail atá faoi mhíbhuntáiste ar an taobh eile.

Go deimhin, glactar leis go bhféadfadh comhbhallraíocht a bheith i gceist idir na pobail féiniúlachta agus na pobail atá faoi mhíbhuntáiste — mar shampla is gnách go mbíonn ioncaim na ndaoine a thugann le fios gur daoine faoi mhíchumas iad níos ísle ná mar a bhíonn sa phobal i gcoitinne; mar shampla is gnách go mbíonn ionchas saoil níos ísle agus sláinte níos measa ag baill de phobal an Lucht Siúil; mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh sé níos deacra do phobail faoi mhíbhuntáiste i gceantair thuaithe teacht ar imeachtaí cultúir in ionaid mhóra.

Beidh uirlisí na cruthaitheachta agus an chultúir ina gcuid bhunúsach den teagmháil a bheidh againn leis na pobail a bhfuilimid dírithe orthu agus den cheangal a bheidh againn leo, laistigh de thréimhse na straitéise seo.

### Cuspóir:
Le linn na Straitéise cuirfimid san áireamh gach bliain, mar chuid dár n-imeachtaí, cláir a chabhróidh le dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann leis an Éagsúlacht, an Cuimsiú, an tImeascadh, an Míbhuntáiste agus an Míchumas.

### Príomhspriocanna:
— Gairmithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, a bhfuil saineolas acu mar a bhaineann leis an 'imeascadh' a fhostú i gcomhar le daoine cruthaitheacha, le comhpháirtithe straitéiseacha sna pobail agus le páirtithe leasmhara chun tacú leis an dearadh ar roinnt príomhthionscnamh agus pleananna forfheidhmithe idir 2023 agus 2027.

— Naisc a chruthú le hOifigeach Cultúir agus Ionchuimsitheachta na Comhairle Oidhreachta chun plé a dhéanamh ar thionscadail a dhéanfadh ceiliúradh ar oidhreacht an lucht siúil, ina mbeadh an oidhreacht chultúir á malartú le pobail nua, agus le grúpaí nach gcloistear uathu go minic ó thaobh na hoidhreachta de.

— Grúpaí a bhfuiltear ag díriú go sonrach orthu a threorú agus deiseanna leanúnacha a thabhairt dóibh a bheith ag plé leis an gcruthaitheacht agus leis an gcultúr i Laois, m.sh., *Cruinniú na nÓg,* Oíche Chultúir, an tSeachtain Oidhreachta, cláir STEAM, Tionscadal Coimeádaithe Óga Ionad Ealaíon Dhún Másc agus Tionscadal na Scannánóirí Óga, Scéimeanna deontais Laois Ildánach agus deiseanna forbartha cumais, etc.

— Teacht ar chreataí don chomhoibriú agus don chomh-mhaoiniú i dtaca le deiseanna atá aitheanta, lena n-áirítear, Laois Shláintiúil, Comhpháirtíocht Áitiúil na Cruthaitheachta san Óige atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise Uíbh Fháilí, Clár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, Grúpa Gnímh Lucht Siúil Laoise, LADT+, Comhairle Ealaíon na hÉireann, An Chomhairle Oidhreachta, maoiniú Eorpach, srl.

Tá daonra an-ard d'imircigh i Laois, go háirithe i bPort Laoise, iarrthóirí tearmainn agus teifigh san áireamh. Leanfaimid orainn ag tógáil ar ár gconairí cruthaitheacha i leith an imeasctha a thosaigh amach leis na Turais 'Fáilte go Laois' i gcomhar le Cuideachta Comhpháirtíochta Laoise in 2019, agus ag comhoibriú freisin leis an gcomhpháirtíocht atá ar bun ag Seirbhís Leabharlainne Laoise le Líonra Imeasctha Laoise agus leis an bhfeachtas Frith-Ráflaí, chomh maith le tógáil ar an rath a bhí ar Leabharlann Phort Laoise agus í ar an gcéad Leabharlann Tearmainn in Éirinn.

## Tosaíocht 4:
## Sláinte agus Folláine Chruthaitheach
Molaimid an cultúr agus an chruthaitheacht mar ghné lárnach den tsláinte agus den fholláine do gach duine, ó dhaoine an-óg go dtí seandaoine agus gach déimeagrafach idir eatarthu. Tá baint ag an gcruthaitheacht leis an tsláinte fhisiciúil agus mheabhrach. Tá sí in ann daoine a spreagadh agus siamsaíocht a chur ar fáil dóibh, chomh maith le dul i ngleic leis an uaigneas agus leis an scoiteacht. Nuair a ghlacann daoine páirt in imeachtaí cruthaitheacha agus cultúir is féidir leis seo na daoine, na pobail agus an caighdeán saoil a athrú ó bhonn.

Idir 2020 agus 2022 le tacaíocht ó chiste Chlár Éire Ildánach — An Chruthaitheacht i measc Daoine Scothaosta:

— D'oibrigh an tionscadal *Musical Memories* de chuid Music Generation Laoise le grúpaí de dhaoine gníomhacha scothaosta sa phobal, amhail daoine aosta i dtithe cúraim chónaithe; Seideanna na bhFear i bPort Laoise agus i Móinteach Mílic; agus ceardlanna ceoil idirghlúine le scoileanna náisiúnta na Rátha agus an Phaidic.

— Déanann an taispeántas portráidí *Fadó Faces ceiliúradh ar* shaol agus ar sheanchas na ndaoine scothaosta i Laois agus cuireadh i láthair é mar thaispeántas tiomána lasmuigh ag Plás Chomhairle Chontae Laoise (2021) agus sa ghailearaí in Ionad Ealaíon Dhún Másc (2022).

— Táimid ailínithe le Plean Gnímh Straitéiseach Éire Shláintiúil 2021-2025, atá á chur i bhfeidhm ag Plean Laoise Sláintiúla, agus an sprioc atá aige sláinte agus folláine na saoránach go léir a fheabhsú, chomh maith le Cuspóir 3.2 de Straitéis Imeasctha Chomhpháirtíochta Laoise: *Tionscnaimh spriocdhírithe, a chuireann an tsláinte agus an fholláine chun cinn, a fhorbairt & a sheachadadh.*

**Cuspóir:**
Cur leis an gcaidreamh atá againn le háiseanna cúraim FSS, Aoisbhá Laoise, Laois Shláintiúil, Aostacht agus Deiseanna, Clár Ealaíon & Aosaithe IMMA, Caifé Néaltraithe Ionad Ealaíon Dhún Másc, chomh maith le hIonad Siondróm Down Lár tíre, ag díriú ar mheabhairshláinte mhaith agus ar an bhfolláine fhoriomlán sa chomhdhearadh ar thionscnaimh seala ama agus ar thionscnaimh comh-mhaoinithe le grúpaí spriocdhírithe breise, amhail Ionad Acmhainní Teaghlaigh Phort Laoise, agus Grúpa Gnímh Lucht Siúil Laoise.

**Príomhspriocanna:**
— Plé le gairmithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, a bhfuil saineolas acu mar a bhaineann leis an gcultúr agus leis an gcruthaitheacht, i réimse na n-ealaíon, an chultúir, na hoidhreachta agus na sláinte/na folláine, i gcomhar le daoine cruthaitheacha, le comhpháirtithe straitéiseacha sna pobail agus le páirtithe leasmhara chun tacú le roinnt príomhthionscnamh a dhearadh agus cabhrú leis na pleananna chun iad a chur a bhfeidhm, idir 2023 agus 2027.

— Go mbeadh téama Oidhreacht Laoise 'Tá an dúlra go maith duit' agus na buntáistí a eascraíonn as a bheith amuigh sa nádúr mar bhonn agus mar thaca ag Sláinte & Comhfhorbairt Áite agus ionaid ar leith i Laois, bíodh siad faoin tuaithe nó sna ceantair uirbeacha, á moladh do dhaoine atá ag iarraidh a bheith níos folláine.

— Deiseanna comh-mhaoinithe atá aitheanta ar fud an údaráis áitiúil a neartú, lena n-áirítear Laois Shláintiúil, Aoisbhá Laoise, chomh maith leis an gciste de chuid Chlár Éire Ildánach — *An Chruthaitheacht agus Daoine Scothaosta,* FSS, Ealaíona & Sláinte, Comhairle Ealaíon na hÉireann, maoiniú Eorpach, srl.

Cuirfimid leis an eolas agus leis na moltaí atá sa tionscnamh *Mapping Arts & Health Across the Midlands — Cuireadh ón gComhairle Ealaíon chuig Scéim Comhoibrithe (2021),* a bhí coimisiúnaithe ag Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Laoise, i gcomhpháirtíocht le hOifigí Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus na hIarmhí agus i gcomhar le príomhpháirtithe.

Ina theannta sin, déanfaimid an méid a bhí foghlamtha agus an méid a bhí molta sa Tuarascáil Meastóireachta *Laoise Chruthaitheach — An Chruthaitheacht i measc Daoine Scothsosta 2022* a leabú, chomh maith leis na moltaí atá in 'Gníomhachtuithe', tionscadal forbartha cumais d'ealaíontóirí gníomhacha atá ag dul in aois i Laois.

### Tosaíocht 5:
### Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide & an Inbhuanaitheacht

Tá ról ríthábhachtach ag an gCultúr agus ag an gCruthaitheacht ó thaobh cuidiú le dul i ngleic leis an éigeandáil aeráide. Ba mhaith linn obair a chur ar fáil ar bhealach níos inbhuanaithe, chomh maith le tionchar a imirt ar an gclaochlú sóisialta níos leithne, agus úsáid á bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht le daoine a chur ar an eolas, gníomh a spreagadh, athruithe ar iompar a spreagadh, agus an rannpháirtíocht i ndíospóireacht agus i mbeartais maidir leis an athrú aeráide a fheabhsú.

Neadaíonn ár straitéis an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide agus Straitéis Oiriúnaithe um Athrú Aeráide Chomhairle Chontae Laoise mar chuid de chuspóir Phlean Corparáideach Laoise 2018–2023 cur leis an *eolas agus leis an tuiscint maidir lenár n-aeráid athraitheach, teacht aniar a chothú agus freagairtí éifeachtacha a chumasú i dtaca leis na bagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide agus* Sprioc 13 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a mholann gur chóir *gníomhú go práinneach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus lena thionchair.*



*Creativity in Older Age 2022.* 'Activations', a capacity development initiative for Laois's active ageing artists with Mary Slevin, Kevin McCann, and Sarah Thornton, founding artistic director of Collective Encounters at Laois Arthouse & Library. **Photograph:** Alf Harvey

**Cuspóir:**
Díriú ar chur chuige cruthaitheach a chur i bhfeidhm le léargas a thabhairt ar na hathruithe a theastaíonn chun moill a chur ar athrú aeráide agus a iad a chur i gcrích.

**Príomhspriocanna:**
— Plé le saineolaithe cruthaitheachta agus le saineolaithe aeráide i gcomhar le hOifigeach Feasachta Comhshaoil Laoise agus leis an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide chun úsáid a bhaint as straitéisí cultúir agus cruthaitheachta maidir le gníomhartha iompraíochta i leith an athraithe aeráide laistigh de phobail, ar mhaithe leis an taighde a rinne Clár Éire Ildánach ' Ag plé leis an bpobal maidir leis an Athrú Aeráide tríd na hEarnálacha Cultúir agus Cruthaitheacha', a leabú.

— Tionscnaimh a phléann de réir téamaí leis an athrú aeráide, leis an gceartas aeráide agus le freagairt an duine a choimisiúnú, d'fhonn rannpháirtithe agus lucht féachana a mhealladh le cur leis an bplé seo atá chomh tábhachtach don tsochaí, amhail caillteanas bithéagsúlachta agus gníomhú ar son na haeráide.

— Infheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh chruthaitheachta a scrúdaíonn saincheisteanna a bhaineann leis an aeráid agus/nó a bheith ina gceannródaithe ar mhodhanna nua inbhuanaithe chun an chruthaitheacht a léiriú, a bheith i mbun

ealaíne agus/nó bealaí eiticiúla a fháil chun teacht ar earraí agus ar sheirbhísí agus páirt a ghlacadh sa gheilleagar ciorclach.

- Tacaíocht a thabhairt chun *iompar* claochlaitheach a leabú sna Cláir ar fad de chuid Laois Ildánach chomh maith le cur i bhfeidhm na 6 thosaíocht agus na deiseanna atá ann don laghdú carbóin, don cheartas aeráide agus don oiriúnú aeráide a chur chun cinn.
- Deiseanna comh-mhaoinithe atá aitheanta ar fud an údaráis áitiúil a neartú, lena n-áirítear Laois Shláintiúil, chomh maith le *Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide II:* Clár Gníomhairí ar son Athraithe (comhthionscnamh de chuid Chlár Éire Ildánach agus na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide), Comhairle Ealaíon na hÉireann, maoiniú Eorpach, srl

Cuirfimid leis an rath a bhí ar Thionscadal Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Mhainistir Laoise agus ar an tSiúlóid Bheochana ar a raibh Cód QR. Nuair a spreagtar daoine le bheith ag siúl, cabhraíonn sé lenár lorg carbóin a laghdú, rud atá ag teacht leis na spriocanna astaíochtaí náisiúnta. Ina theannta sin, tá an-tionchar ag an tionscadal ó thaobh feabhas a chur ar shláinte fhisiciúil agus ar shláinte mheabhrach na ndaoine mar go spreagtar iad le dul amach faoin aer agus a bheith i dteagmháil leis an dúlra.

Cabhraíonn an tionscadal thar aon rud le daoine dul i ngleic le heolaíocht an athraithe aeráide agus tuiscint a fháil ar an gcaoi gur féidir leis an duine aonair tionchar a imirt ar an athrú aeráide. Ceann de na bealaí is fearr atá ann le cur ar chumas na sochaí aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an athrú aeráide ná cur lenár leibhéal foriomlán litearthachta mar a bhaineann leis an eolaíocht agus páirt a ghlacadh i ngníomhartha agus i bplé maidir le cursaí aeráide.

Tá ríméad orainn go bhfuilimid ag féachaint ar chur chuige nua chun gníomhú go cruthaitheach ar son na haeráide agus maidir leis an gcomhfhorbairt áite agus coincheapa uathúla cosúil le suiteáil Nollag athshamhlaithe ag Cearnóg Uí Chonaill, i Móinteach Mílic, a d'fhéadfadh freisin a bheith ina dhealbh neamhspleách taobh amuigh de shéasúr na Nollag, ach comhpháirteanna ginte fuinnimh amhail grianphainéil agus/nó tuirbíní a bheith curtha leis. Tá an coincheap seo á fhorbairt ag Coiste Crann Nollag Mhóinteach Mílic le smaointeoireacht chruthaitheach a thagann leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe seo a leanas de chuid na Náisiún Aontaithe:

Sprioc 7: A chinntiú go bhfuil rochtain ag cách ar fhuinneamh atá inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha; agus Sprioc 11: Na cathracha agus na lonnaíochtaí daonna a dhéanamh cuimsitheach, sábháilte, inbhuanaithe agus teacht aniar a bheith iontu.

### Tosaíocht 6:
**Forbairt ar an gCumas Cruthaitheach**

Is bunchloch í an inniúlacht don fhorbairt atá éifeachtach agus inbhuanaithe. Tá Laois Ildánach ag iarraidh tacú le deiseanna chun inniúlacht atá curtha in oiriúint do na rannpháirtithe, agus a fhreagraíonn do na riachtanais agus do na sócmhainní atá aitheanta acu, a fhorbairt.

Go n-éireoidh leis na hinfheistíochtaí faoin straitéis seo an tallann ó thaobh na cruthaitheachta de atá i Laois a leathnú amach agus a dhoimhniú, ar mhaithe le feabhas a chur ar shaol cultúir agus eacnamaíochta an chontae.

### Príomhspriocanna:
- Sraith de ghlaonna oscailte le heisiúint chun tacú leis an bhforbairt ghairmiúil agus leis an bhfoghlaim saoil do dhaoine cruthaitheacha laistigh de chomhthéacsanna éagsúla amhail aosú gníomhach, forbairt scáileáin, fiontraithe cruthaitheacha, ceannairí cultúir, gníomhú ar son na haeráide, imeascadh, srl.
- Cur leis an gcumas digiteach agus na bonneagair agus na scileanna gaolmhara a neartú ionas gur féidir ábhar a dhéanamh do lucht féachana/do phobail éagsúla atá faoi ghannionadaíocht agus é a dháileadh orthu, nó ábhar a bheith á dhéanamh ag pobail éagsúla agus ag pobail atá faoi ghannionadaíocht.
- Forbairt fiontraíochta a lorg ó shaineolaithe taobh amuigh chun cabhrú leis na cleachtais agus na hoibríochtaí reatha a chur in oiriúint agus iniúchadh a dhéanamh ar mhúnlaí agus ar ardáin mhalartacha don chruthú, don ardánú, don chomhoibriú, don tsoghluaisteacht nó don dáileadh.
- Máistir-ranganna á gcur ar fáil ag saineolaithe sna réimsí ildisciplíneacha éagsúla a fheiceann go bhfuil luach ag baint leis an gcultúr agus leis an gcruthaitheacht, agus torthaí a bhaint amach laistigh de pharaiméadair na folláine, an chomhtháthaithe shóisialta agus na forbartha geilleagrach, m.sh., cabhrú le lucht eagraithe na bhféilte agus le grúpaí ionas gur féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar fhéilte agus ar imeachtaí, rud a rachaidh chun tairbhe go sóisialta agus ó thaobh an chultúir agus na heacnamaíochta de don chontae, dá réir.
- Meantóireacht maidir leis an bhforbairt pobail, an cumhachtú agus an comhchruthú a dhéanamh le daoine cruthaitheacha laistigh de réimse na n-ealaíon, an chultúir, na hoidhreachta, na leabharlann, na dtionscal cruthaitheach agus an ghníomhaíochais.
- Tabhairt faoi thionscnaimh chomhoibríocha agus chomhpháirtíochta le gníomhaireachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla e.g., IMMA, Eolaíocht Lár Tíre, CARO an Oirthir & Lár Tíre, An Chomhairle Oidhreachta, agus príomhfhéilte/imeachtaí náisiúnta, m.sh., Bealtaine, *Cruinniú na nÓg,* an tSeachtain Oidhreachta, Oíche Chultúir, Seachtain na hEolaíochta.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na cainéil chumarsáide agus ar na sócmhainní cultúir agus cruthaitheachta atá i Laois ionas gur féidir comhoibriú le Laois a chur chun cinn agus í a fheabhsú mar Cheann Scríbe Turasóireachta thábhachtach i lár Shean-Oirthear na hÉireann agus tacú leis an obair atá ar bun ag Turasóireacht Laoise chun an táirge turasóireachta a fhorbairt tuilleadh agus feabhas a chur ar na háiseanna eolais do thurasóirí agus ar an eolas ar líne do chuairteoirí a thagann chuig an gcontae.

Braithfidh cumas na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta cláir chomhoibríocha spriocdhírithe a sheachadadh go sofhreagrúil agus le cur chuige comhtháite, agus iad ag tacú le cláir oibre forbartha áitiúla Laoise, ar go mbeadh bonn bliantúil fúthu agus go mbeadh siad curtha chun cinn le linn shaolré na straitéise seo.



Performance of 'The Impossible Dream' by Martin Tourish and the Music Generation Laois Trad Orchestra as part of the Festival of Flight at St Peter's Church of Ireland Portlaoise. **Photograph:** Alf Harvey

# 6 Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Contae Laois

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta i bhfeidhm ag Laois chun cur i bhfeidhm na Straitéise seo a threorú agus a mhaoirsiú.

Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na bPobal Ildánach ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

**Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:**

- Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;
- Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;
- Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil; Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.
- Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus
- A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh — tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

Tá seachadadh na Straitéise faoi stiúir an Stiúrthóra Seirbhísí do Ghnóthaí Corparáideacha, Gníomhú ar son na hAeráide, Pobal, Teicneolaíocht na Faisnéise agus i measc na mball atá ar Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta Laoise, tá an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Tithíochta & Athghiniúna, an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Ealaíon Pobail & Spóirt, an tOifigeach Ealaíon, Leabharlannaí an Chontae, an tOifigeach Oidhreachta, an tOifigeach Ealaíon Cúnta, an Leabharlannaí Contae Cúnta, Stiúrthóir Ionad Ealaíon Dhún Másc, Comhordaitheoir Music Generation Laoise, Comhordaitheoir Chomhpháirtíocht Áitiúil na Cruthaitheachta san Óige de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise Uíbh Fháilí, Oifigeach Cléireachais Laois Ildánach agus Rúnaí Choiste Laois Ildánach. Tá na struchtúir agus na próisis seo ríthábhachtach le go n-éireoidh le Pobail Ildánacha tosaíochtaí straitéiseacha a chur i gcrích do Laois.

## Léarscáil de Laois



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*